# FODHLÍTHE CHOMHAIRLE CATHRACH BHAILE ÁTHA CLIATH (TOIRMEASC AR DHEOCHANNA MEISCIÚLA A ÓL AR BHÓITHRE AGUS IN ÁITEANNA POIBLÍ) 2008

Dublin City Council
Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath

**COMHAIRLE CATHRACH BHAILE ÁTHA CLIATH**

**DUBLIN CITY COUNCIL**

**NA FODHLÍTHE UM DHEOCHANNA MEISCIÚLA**

Tugtar de chumhacht do Chathair Bhaile Átha Cliath, (dá ngairtear Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath anseo feasta) de bhun Alt 199(1) den Acht Rialtais Áitiúil, 2001, fodhlíthe a dhéanamh le haghaidh nó i ndáil le húsáid, oibriú, cosaint, rialáil nó bainistiú aon talamh, seirbhísí, nó aon ní eile ar bith a sholáthraíonn Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath nó atá faoina rialú, nó i ndáil le haon ní a bhaineann leis an méid sin agus a bhfuil cumhacht aige de bhun Alt 199(2)(a) más dóigh léi gurb inmhianaithe ar mhaithe le leas coiteann an phobail áitiúil (i) aon ghníomhaíocht nó ábhar a rialáil nó a rialú nó (ii) gur chóir aon núis a rialú nó a chur faoi chois, fodhlí a dhéanamh chun na críche sin.

De bhrí go bhfuil Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath den tuairim go bhfuil iompar arb é atá ann deochanna meisciúla a ól ar bhóithre, ar thránna agus in áiteanna poiblí eile contrártha d'úsáid, d'oibriú, do chosaint, do rialáil nó do bhainistiú cuí na mbóithre sin agus áiteanna poiblí eile atá faoina rialú nó faoina bainistíocht sa mhéid is go mbaineann an t-iompar sin siar go mór ó chuspóir, ó thaitneamhacht agus ó thaitneamh cuí na mbóithre agus na n-áiteanna poiblí sin agus go bhfuil sí den tuairim go bhfuil sé inmhianaithe ar mhaithe le leas coiteann an phobail áitiúil go ndéanfaí rialú ar ólachán deochanna meisciúla ar bhóithre, ar thránna agus ar áiteanna poiblí.

TUIGTEAR ANOIS GO bhFUIL na fodhlíthe seo a leanas déanta ag an gComhairle leis seo.

**Lua:** 1. Fo-Dhlíthe Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath (Toirmeasc ar Dheochanna Meisciúla a ól ar Bhóithre agus in Áiteanna Poiblí) 2008 is teideal do na Fo-Dhlíthe seo.

**Tosach Feidhme**: 2. Tiocfaidh na Fo-Dhlíthe seo i ngníomh an 1 lá de Dheireadh Fómhair, 2008.

**Limistéar Feidhme**: 3. Baineann na Fo-Dhlíthe seo leis an limistéar ina bhfuil Cathair Bhaile Átha Cliath.

**Cúlghairm:** 4. Cúlghairtear leis seo an méid seo a leanas. Fo-Dlíthe Deochanna Meisciúla a rinneadh faoin Acht Rialtais Áitiúil 1994 dar dáta an 28 Lúnasa 2000 agus aon tagairt eile d'alcól, deochanna alcólacha, deochanna meisciúla I bhfodhlíthe eile a rinneadh i leith Chathair Bhaile Átha Cliath.

**Léirmhíniú:**

5. Sna fodhlíthe seo, ach amháin má éilíonn an comhthéacs a mhalairt:-

ciallaíonn “bóthar” aon sráid, lána, cosán, cearnóg, cúirt, caolsráid nó pasáiste, aon droichead, tarbhealach, íosbhealach, fobhealach, tollán, uasbhealach, tardhroichead, carrbhealach (cibé acu bealach singil nó ilbhealach), cosán nó aon footway, droichead meáchain nó saoráid eile chun feithiclí a mheá nó a iniúchadh, dola-phlás nó saoráid eile chun dolaí a bhailiú, limistéar seirbhíse, teileafón éigeandála, post garchabhrach, lintéar, áirse, gáitéar, ráille, fál, balla, bacainn, ráille garda, imeall, colbha, leataobh, crua-ghrua, oileán tráchta, tearmann do choisithe, místráice, láriomaire, conaireoir, timpeallán, droichead iompair, cuaille, rampa, mullard, píopa, sreangchábla, sín, comhartha nó soilsiú is cuid den bhóthar, agus aon struchtúr nó rud eile is cuid den bhóthar agus is gá ar mhaithe le sábháilteacht nó áisiúlacht nó taitneamhacht úsáideoirí bóithre chun an bóthar a thógáil nó a chothabháil, nó a oibriú nó a bhainistiú nó chun an timpeallacht a chosaint, nó mar a fhorordaíonn an tAire **AGUS** atá faoi rialú nó faoi bhainistíocht Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath.

ciallaíonn “áit phoiblí” áit ar féidir leis an bpobal rochtain a bheith acu uirthi, lena n-áirítear, séipéil, clóis eaglaise agus reiligí, spásanna oscailte, tránna, páirceanna poiblí, spásanna glasa agus limistéir thaitneamhachta, lena n-áirítear clárchosán na Life, canálacha, bainc chanála agus cosáin tarraingthe, bruacha abhann, aon limistéar nó áit lasmuigh lena n-áirítear cúirtealáiste foirgneamh príobháideach agus poiblí a bhfuil rochtain ag an bpobal orthu de cheart nó mar threaspásóir nó eile, nó trí chead sainráite nó intuigthe mar aon leis an limistéar nó na spásanna sin atá tadhlach le haon cheann de na háiteanna sin roimhe seo **AGUS** atá faoi rialú nó faoi bhainistíocht Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath.

ciallaíonn “deoch mheisciúil” biotáille, fíon, beoir, pórtar, leann dubh, leann úll, leann piorraí agus milseáin agus aon deochanna coipthe, driogtha nó biotáilleacha nach féidir, de réir aon dlí a bheidh i bhfeidhm de thuras na huaire, a dhíol go dlíthiúil gan ceadúnas ó na Coimisinéirí Ioncaim ná aon deoch nó leacht eile ina bhfuil alcól.

ciallaíonn “duine údaraithe” duine atá údaraithe I scríbhinn ag an Údarás de bhun an Achta Rialtais Áitiúil 2001.

ciallaíonn “an tÚdarás” Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath.

ciallaíonn “limistéar feidhme” Cathair Bhaile Átha Cliath.

6. Faoi réir ailt 9 agus 11 de seo ní dhéanfaidh aon duine ná daoine –

(1) Deochanna meisciúla a ól nó iarracht a dhéanamh iad a ól ar bhóthar nó in áit phoiblí laistigh de limistéar feidhme na Comhairle nó

(2) Deoch mheisciúil a bheith ina seilbh acu ar bhóthar nó in áit phoiblí laistigh de limistéar feidhme na Comhairle le hintinn í a ól ar bhóthar nó in áit phoiblí nó í a sholáthar do dhuine nó do dhaoine lena hól ar bhóthar nó in áit phoiblí laistigh de limistéar feidhme na Comhairle.

Beidh duine a sháróidh mír 6(1) nó 6(2) ciontach i gcion agus dlífear, ar é/í a chiontú go hachomair, fíneáil nach mó ná €1,900 a chur air/uirthi.

7. I gcás ina mbeidh forais réasúnacha ag duine údaraithe nó ag comhalta den Gharda Síochána chun a chreidiúint go bhfuil foráil de na fodhlíthe seo á sárú nó sáraithe ag duine, féadfaidh an duine údaraithe sin nó an comhalta sin a ordú don duine sin ceachtar de na nithe seo a leanas nó iad araon a dhéanamh, is é sin le rá:

(i) éirí as an sárú sin, agus
(ii) imeacht láithreach ó chomharsanacht na háite lena mbaineann ar mhodh síochánta ordúil

Is cion faoin bhfodhlí seo é mainneachtain ordachán den sórt sin a chomhlíonadh, agus dlífear, ar é/í a chiontú go hachomair sa Chúirt Dúiche, fíneáil nach mó ná €1,900 a chur air/uirthi.

8(a) I gcás ina mbeidh duine údaraithe nó comhalta den Gharda Síochána den tuairim le cúis réasúnach go bhfuil cion faoi na fodhlíthe seo á dhéanamh nó déanta ag duine, féadfaidh an duine údaraithe nó an comhalta den Gharda Síochána ainm agus seoladh an duine sin a éileamh agus má dhiúltaítear don éileamh sin nó má thugann an duine ainm nó seoladh atá bréagach nó míthreorach, beidh an duine sin ciontach i gcion agus dlífear, ar é/í a chiontú go hachomair, fíneáil nach mó ná €1,900 a chur air/uirthi.

8(b) Sa chás go bhfuil comhalta den Gharda Síochána den tuairim le cúis réasúnach go bhfuil cion faoi na fodhlíthe seo á dhéanamh nó á déanta ag duine nó daoine, féadfaidh an ball sin gach deoch mheisciúil atá ina seilbh a choigistiú.

8(c) I gcás ina bhfuil comhalta den Gharda Síochána den tuairim le cúis réasúnach go bhfuil cion faoi na fodhlíthe seo á dhéanamh nó déanta ag duine nó daoine, féadfaidh an comhalta sin an duine nó na daoine sin a ghabháil gan bharántas.

9. Ní cion é faoi na fodhlíthe seo deoch mheisciúil a ól le linn dó/dí a bheith ina s(h)uí ag boird agus cathaoireacha arna soláthar ar shráid nó in áit phoiblí díreach in aice le hóstán, bialann nó teach tábhairne i gcás an deoch mheisciúil sin a bheith á hól go docht i gcomhréir leis an gceadúnas deochanna a ghabhann leis an óstán, leis an mbialann nó leis an teach tábhairne sin nó le haon cheadúnas ócáideach (de réir bhrí na nAchtanna Deochanna Meisciúla) a dheonaítear i leith an áitribh sin **agus** ag comhlíonadh go docht na ndlíthe ginearálta a bhaineann le deochanna meisciúla a dhíol agus a ól **agus** i gcás go gcomhlíonann na socruithe le haghaidh na dtáblaí agus na gcathaoireacha sin go docht forálacha na nAchtanna Rialtais Áitiúil (Pleanáil agus Forbairt), 1963-2000 nó de réir mar a leasaítear iad sin ó am go ham nó de bhun aon rialachán arna ndéanamh ann faoi réim nó faoi fhorálacha Acht na mBóithre, 1993 **agus** i gcás inar sholáthair dílseánach nó dílseánaigh an óstáin na táblaí agus na cathaoireacha réamhráite, do phátrúin amháin, bialann nó teach poiblí thuasluaite **agus** i gcás go dtarlaíonn an t-ól thuasluaite laistigh de na huaireanta trádála a cheadaítear faoin dlí ginearálta a bhaineann le miondíoltóirí biotáille-ar-cheadúnais (i.e., ceadúnais tábhairneoirí).

10. I gcás ina mbeidh comhalta den Gharda Síochána nó duine údaraithe den tuairim le cúis réasúnach go bhfuil cion á dhéanamh nó déanta faoi aon fhoráil de na fodhlíthe seo, féadfaidh comhalta den Gharda Síochána nó duine údaraithe fógra a sheirbheáil ar an duine/na daoine sin, ina sonrófar íocaíocht sheasta, nach mó ná cibé méid a fhorordófar, i leith sárú ar fhodhlí mar rogha ar ionchúiseamh mar gheall ar an sárú agus i gcás ina bhforáiltear amhlaidh leis an bhfodhlí sonrófar ann-

    (i) méid na híocaíochta seasta, agus

    (ii) an tréimhse ina gcaithfear í a íoc chun ionchúiseamh a sheachaint.

    Is é €75 méid na híocaíochta seasta is infheidhme maidir leis an bhfógra íocaíochta seasta. I gcás neamhíocaíochta laistigh den tréimhse shonraithe, dlífear, ar é/í a chiontú go hachomair, fíneáil nach mó ná €1,900 a chur air/uirthi.

11. D'ainneoin fhorálacha na bhfodhlíthe seo, féadfaidh Bainisteoir na Cathrach, ar iarratas, 6 seachtaine ar a laghad roimh an imeacht, dá rogha féin agus tar éis dul I gcomhairle leis na Gardaí forálacha na bhfodhlíthe seo a mhaolú go hiomlán nó go páirteach le linn:

    (i) mórcheiliúradh cathartha
    (ii) mórimeachtaí spóirt.
    (iii) Imeachtaí speisialta pobail eagraithe don phobal féin agus ag an bpobal féin.

12. Beidh duine nó daoine a sháróidh foráil de na fodhlíthe seo ciontach i gcion agus dlífear, ar é/í a chiontú go hachomair, fíneáil nach mó ná €1,900 a chur air/uirthi.

**I LÁTHAIR TRÁTH A GREAMAÍODH SÉALA CORPRAITHE CHOMHAIRLE CATHRACH BHAILE ÁTHA CLIATH leis seo:**
**AN tARD-MHÉARA RÓ-ONÓRACH a bheith i láthair freisin:**

____________________________

**OIFIGEACH DE CHUID**
**CHOMHAIRLE NA CATHRACH**
**OIFIGÍ NA CATHRACH**

Arna dhátú Inniu an lá de 2008

**Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath,**
**Oifigí na Cathrach,**
**An Ché Adhmaid,**
**Baile Átha Cliath 2.**